AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.3.2022
COM(2022) 116 final

ANNEX 2

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh in ullmhú don 19ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES CoP19)

IARSCRÍBHINN 2

AIGHNEACHT AN AONTAIS EORPAIGH LE HAGHAIDH LEASÚ AR FHOSCRÍBHINN III CITES

VIRGINIJUS SINKEVIČIUS
An Coimisinéir um an gComhshaol,
um na hAigéin agus um an Iascach

An Bhruiséil,
Tag. Ares (2022) uimhir sábhála

An tUasal Ivonne Higuero
An tArd-Rúnaí
An Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES)
Avenue de la Paix 8-14
1211 An Ghinéiv 10
AN EILVÉIS

A Uasail Higuero,

Thar ceann an Aontais Eorpaigh, tá sé d'onóir agam an speiceas

Caribena versicolor

a chur isteach lena chur san áireamh i bhFoscríbhinn III CITES, de bhun mhír 1 d'Airteagal XVI den Choinbhinsiún.

Is speiceas dúchasach é in oileán Martinique (an Fhrainc). Tá cóip den dlí náisiúnta ábhartha is infheidhme maidir lena chosaint i gceangal leis an aighneacht seo, i gcomhréir le mír 4 d'Airteagal XVI.

I gcomhréir le mír 3 de Rún Comhdhála 9.25 (Rev. CoP18), ba cheart an méid a cuireadh le Foscríbhinn III a theacht i bhfeidhm an dáta céanna a thiocfaidh leasuithe ar Fhoscríbhinní I agus II a glacadh ag an 19ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiúin i bhfeidhm.

Mise le meas,

Virginijus Sinkevičius

Faoi iamh: Cóip den Fhoraithne ón bhFrainc an 3 Lúnasa 2017 lena mbunaítear liosta na nArachnidae atá i gcríoch Martinique a chosnaítear ar fud na críche náisiúnta, agus na socraíochtaí dá gcosaint